**COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**GA**

10142/13

(OR. en)

PRESSE 217
PR CO 28

# PREASEISIÚINT

3242ú Cruinniú den Chomhairle

## Iomaíochas (an Margadh Inmheánach, Tionscal, Taighde agus an Spás)

An Bhruiséil, 29-30 Bealtaine 2013

Uachtaráin **Richard Bruton**
An tAire Post, Fiontair agus Nuálaíochta
**Seán Sherlock**
An tAire Stáit a bhfuil freagracht air maidir le Taighde agus Nuálaíocht

**P R E A S**

Rue de la Loi 175 B – 1048 AN BHRUISÉIL Teil.: +32 (0)2 281 7040 / 6319 Facs: +32 (0)2 281 8026
press.office@consilium.europa.eu http://www.consilium.europa.eu/Newsroom

## Príomhthorthaí ón gComhairle

*Díríodh sa chruinniú a bhí ag an gComhairle ar réimse beart lena ndírítear ar thacú leis an téarnamh eacnamaíoch agus é a ghéarú, agus dlús a chur leis an bhfás agus poist nua a chruthú ar an gcaoi sin.*

*Ar an gcéad dul síos, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir le dhá rialachán a bhfuil* ***an t-athchóiriú ar na rialacha maidir le státchabhair*** *á gcur chun cinn acu.*

*Agus iarrachtaí á ndéanamh aici na hualaí rialála atá ar chuideachtaí AE a mhaolú chun go mbeidh siad níos iomaíche, d'fhormheas an Chomhairle na conclúidí maidir le* ***rialáil chliste****.*

*Roinn na hairí tuairimí faoi ghnéithe áirithe de* ***dhlíthe an chóipchirt*** *san AE, lena n-áirítear roinnt moltaí maidir le cóipeáil phríobháideach agus tobhaigh athghrafaíochta.*

*Cuirtear treoir pholaitiúil ar fáil do na hairí freisin chun dul chun cinn a dhéanamh i ndáil leis an* ***athchóiriú ar an margadh iniúchóireachta****, a mbeartaítear leis feabhas a chur ar cháilíocht agus ar neamhspleáchas iniúchóireachtaí, trédhearcacht a ardú agus muinín na n-infheisteoirí a athneartú chomh maith leis an gcomhdhlúthacht margaidh atá ann faoi láthair a laghdú.*

*Thairis sin, chuir an Chomhairle an dul chun cinn atá déanta maidir le gníomhaíochtaí* ***an Ghnímh um an Margadh Aonair****, a fhaightear in dhá phacáiste de bhearta tosaíochta lena ndírítear ar mhuinín a ardú agus ar fhás agus ar chruthú poist a spreagadh.*

*Dhírigh na hairí freisin ar na deacrachtaí reatha atá os comhair roinnt* ***earnálacha tionsclaíocha*** *san Eoraip mar thoradh ar an ngéarchéim eacnamaíoch. Chuir an Coimisiún iad ar an eolas faoin obair leantach atá déanta maidir le tionscnaimh a rinneadh chun tacú leis na hearnálacha sin.*

*Ghlac an Chomhairle conclúidí maidir leis an* ***mbeartas don tionscal spáis****.*

*Thug an Chomhairle dá haire an dul chun cinn atá déanta sa chaibidlíocht leanúnach maidir leis an gclár taighde ilbhliantúil* ***"Fís 2020"****, mar thoradh ar thuarascáil ón Uachtaránacht maidir le saincheisteanna lárnacha polaitiúla d'fhonn an bealach a réiteach chun go dtiocfar ar chomhaontú go luath le Parlaimint na hEorpa maidir leis an gclár.*

*Chomh maith leis sin, d'fhormhuinigh sí straitéis nua AE le feabhas a chur ar* ***chomhar idirnáisiúnta*** *i réimse an taighde agus d'fhormheas sí conclúidí maidir le* ***ríomhaireacht*** *ardfheidhmíochta. Nuashonraigh sí sainordú an* ***Choiste um an Limistéar Taighde Eorpach*** *freisin.*

*Ar deireadh, phléigh na hairí na* ***gníomhaíochtaí comhphleanála*** *a dhéantar i réimse an taighde.*

# CLÁR[1]

**RANNPHÁIRTITHE** .......... **5**

**MÍREANNA A PLÉADH**

Nuachóiriú ar dhlíthe an chóipchirt .......... 8

Athchóiriú ar iniúchóireachtaí .......... 10

An Gníomh um an Margadh Aonair .......... 13

Rialáil chliste .......... 14

Nuachóiriú a dhéanamh ar na rialacha maidir le státchabhair .......... 15

Faireachán ar an mbeartas tionsclaíoch .......... 16

FÍS 2020: creatchlár nua don taighde agus don nuáil (2014-2020) .......... 19

Comhar idirnáisiúnta an AE i réimse an taighde agus na nuálaíochta .......... 21

Comhphleanáil tionscadal taighde .......... 22

Ríomhaireacht ardfheidhmíochta .......... 23

An Coiste um an Limistéar Taighde Eorpach: sainordú nuashonraithe .......... 23

Beartas spáis AE .......... 24

GNÓ EILE .......... 26

Teicneolaíochtaí fuinnimh agus nuálaíocht .......... 26

Bainistiú Beartais Nuálaíochta - moltaí ón nGrúpa Ardleibhéil .......... 26

Clár oibre Uachtaránacht nua na Liotuáine .......... 27

[1]
- I gcás ina mbeidh dearbhuithe, conclúidí nó rún glactha go foirmiúil ag an gComhairle, léirítear é seo sa cheannteideal don ábhar lena mbaineann agus cuirtear an téacs idir chomharthaí athfhriotail.
- Doiciméid a dtugtar tagairtí dóibh sa téacs, tá siad ar fáil ar láithreán Idirlín na Comhairle (http://www.consilium.europa.eu).
- Gníomhartha a glacadh le dearbhuithe do mhiontuairiscí na Comhairle agus a fhéadfar a scaoileadh leis an bpobal, taispeántar le réiltín iad; tá na dearbhuithe seo ar fáil ar láithreán Idirlín na Comhairle nó féadfar iad a fháil ón bPreas-Oifig.

## MÍREANNA EILE A FORMHEASADH


*GNÓTHAÍ EACHTRACHA*

– An Bhealarúis - bearta sriantacha ........ 28

– Cathaoirleacht choimisiún NA um chothú na síochána ........ 28

*CEARTAS AGUS GNÓTHAÍ BAILE*

– Ascnamh ó SIS 1 + go SIS II........ 28

*AN tIOMAÍOCHAS*

– Measúnú tionchair laistigh den Chomhairle ........ 29

*AN FUINNEAMH*

– Ceanglais éiceadhearadh - spás agus téitheoirí uisce........ 29

*AN COMHSHAOL*

– Prótacal Montréal maidir le substaintí lena n-ídítear an ciseal ózóin - treoracha idirbheartaíochta ........ 30

*FOSTAÍOCHT*

– Treoracha AE do chruinniú de chuid Airí Saothair agus Fostaíochta G20........ 30

*IASCACH*

– An comhaontú comhpháirtíochta idir an AE agus an Cósta Eabhair - Athnuachan an phrótacail........ 30

*BEARTAS TRÁDÁLA*

– Bearta frithdhumpála - rothair - leictreoidí tungstain - an tSín agus tíortha eile ........ 31

*TRÉDHEARCACHT*

– Tuarascáil bhliantúil maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid........ 31

*CEAPACHÁIN*

– Coiste na Réigiún ........ 32

# RANNPHÁIRTITHE

| | |
|---|---|
| **An Bheilg:** | |
| Johan VANDE LANOTTE | LeasPhríomh-Aire agus an tAire Geilleagair, Tomhaltóirí agus na Mara Thuaidh |
| Céline FREMAULT | An tAire atá freagrach as Fostaíocht, Gnóthái Eacnamaíocha, Trádáil Eachtrach agus Taighde Eolaíoch |
| Philippe COURARD | An Státrúnaí do Ghnóthaí Sóisialta, do Theaghlaigh, do Dhaoine atá faoi Mhíchumas agus do Bheartas Eolaíoch atá freagrach as Priacail Ceirde, a ghabhann leis an Aire Gnóthaí Sóisialta agus Sláinte Phoiblí |
| **An Bhulgáir:** | |
| Petia VASSILEVA | Leas-Bhuanionadaí |
| **Poblacht na Seice:** | |
| Petr FIALA | An tAire Oideachais, Óige agus Spóirt |
| Milan HOVORKA | An Leas-Aire Tionscail agus Trádála |
| Jakub DÜRR | Leas-Bhuanionadaí |
| **An Danmhairg:** | |
| Annette VILHEMSEN | An tAire Gnóthaí Gnó agus Fáis |
| Morten ØSTERGAARD | An tAire Eolaíochta, Nuála agus Ardoideachais |
| Jonas BERING LIISBERG | Leas-Bhuanionadaí |
| **An Ghearmáin:** | |
| Philipp RÖSLER | An Leas-Seansailéir agus an tAire Cónaidhme Gnóthaí Eacnamaíocha agus Teicneolaíochta |
| Georg SCHÜTTE | Státrúnaí, An Aireacht Chónaidhme Oideachais agus Taighde |
| Stefan KAPFERER | Státrúnaí, An Aireacht Chónaidhme Gnóthaí Eacnamaíocha agus Teicneolaíochta |
| **An Eastóin:** | |
| Juhan PARTS | An tAire Gnóthaí Eacnamaíocha agus Cumarsáide |
| Jaak AAVIKSOO | An tAire Oideachais agus Eolaíochta |
| **Éire:** | |
| Richard BRUTON | An tAire Post, Fiontair agus Nuálaíochta |
| Seán SHERLOCK | An tAire Stáit a bhfuil freagracht air maidir le Taighde agus Nuálaíocht (An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus an Roinn Oideachais agus Scileanna) |
| John PERRY | An tAire Stáit a bhfuil freagracht air maidir le Mionghnóthaí (An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta) |
| **An Ghréig:** | |
| Panagiotis MITARACHI | An Státrúnaí Forbartha, Iomaíochais, Bonneagair, Iompair agus Líonraí |
| Vasilis MAGLARIS | An tArd-Rúnaí Taighde agus Teicneolaíochta |
| **An Spáinn:** | |
| José Manuel SORIA | An tAire Tionsclaíochta, Fuinnimh agus Turasóireachta |
| Carmen VELA OLMO | An Státrúnaí Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta |
| Luis VALERO | An tArd-Rúnaí Tionscail agus Fiontar Beag agus Meánmhéid |
| **An Fhrainc:** | |
| Arnaud MONTEBOURG | An tAire Athghiniúna Eacnamaíche |
| Geneviève FIORASO | An tAire Ardoideachais agus Taighde |
| Thierry REPENTIN | An tAire atá freagrach as Gnóthaí Eorpacha |
| Alexis DUTERTRE | Leas-Bhuanionadaí |
| **An Iodáil:** | |
| Enzo MOAVERO MILANESI | An tAire a bhfuil freagracht air maidir le Gnóthaí Eorpacha |
| Flavio ZANONATO | An tAire Forbartha Eacnamaíche |
| Maria Chiara CARROZZA | An tAire Oideachais, Ollscoileanna agus Taighde |
| **An Chipir:** | |
| Maria HADJITHEODOSIOU | Leas-Bhuanionadaí Gníomhach |

| | |
|---|---|
| **An Laitvia:** | |
| Vjačeslavs DOMBROVSKIS | An tAire Oideachais agus Eolaíochta |
| Juris PŪCE | Státrúnaí, An Aireacht Geilleagair |
| Juris ŠTĀLMEISTARS | Leas-Bhuanionadaí |
| **An Liotuáin:** | |
| Birutė VĖSAITĖ | An tAire um an nGeilleagar |
| Dainius PAVALKIS | An tAire Oideachais agus Eolaíochta |
| Šarūnas BIRUTIS | An tAire Cultúir |
| **Lucsamburg:** | |
| Etienne SCHNEIDER | An tAire Gnóthaí Eacnamaíocha agus Trádála Eachtraí |
| Martine HANSEN | An tAire Ardoideachais agus Taighde |
| **An Ungáir:** | |
| Zoltán CSÉFALVAY | Státrúnaí, an Aireacht um an nGeilleagar Náisiúnta |
| Katalin KISZELY | Leas-Státrúnaí, an Aireacht Riaracháin Phoiblí agus Dlí agus Cirt |
| **Málta:** | |
| Christian CARDONA | An tAire um an nGeilleagar, Infheistíocht agus Gnó Beag |
| Stefan BUONTEMPO | An Rúnaí Parlaiminteach Taighde, Nuála, Óige agus Spóirt san Aireacht Oideachais agus Fostaíochta |
| Patrick MIFSUD | Leas-Bhuanionadaí |
| **An Ísiltír:** | |
| Sander DEKKER | An Státrúnaí Oideachais, Cultúir agus Eolaíochta |
| Wepke KINGMA | Leas-Bhuanionadaí |
| **An Ostair:** | |
| Karlheinz TÖCHTERLE | An tAire Cónaidhme Oideachais agus Taighde |
| Harald GÜNTHER | Leas-Bhuanionadaí |
| **An Pholainn:** | |
| Jerzy Witold PIETREWIC | Státrúnaí, An Aireacht um an nGeilleagar |
| Jacek GULIŃSKI | Leas-Státrúnaí, An Aireacht Eolaíochta agus Ardoideachais |
| Andrzej DYCHA | Leas-Státrúnaí, An Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha |
| **An Phortaingéil:** | |
| Nuno CRATO | An tAire Oideachais agus Eolaíochta |
| Franquelim ALVES | An Státrúnaí Fiontair, Iomaíochais agus Nuála |
| **An Rómáin:** | |
| Varujan VOSGANIAN | An tAire um an nGeilleagar |
| Mihnea COSTOIU | An tAire toscaire ardoideachais, taighde eolaíche agus forbartha teicniúla |
| Tudor PRISECARU | Státrúnaí, An Aireacht Oideachais Náisiúnta |
| **An tSlóivéin:** | |
| Renata ZATLER | Státrúnaí ag an Aireacht Gnóthaí Baile |
| Uroš ROŽIČ | Státrúnaí, An Aireacht Forbartha Eacnamaíche agus Teicneolaíochta |
| Uroš VAJGL | Leas-Bhuanionadaí |
| **An tSlóvaic:** | |
| Alexander MICOVČIN | Leas-Bhuanionadaí |
| **An Fhionlainn:** | |
| Lauri IHALAINEN | An tAire Saothair |
| Marja RISLAKKI | Státrúnái, An tAire Fostaíochta agus um an nGeilleagar |
| **An tSualainn:** | |
| Jan BJÖRKLUND | LeasPhríomh-Aire, an tAire Oideachais |
| Annie LÖÖF | An tAire Fiontair |
| Gunnar OOM | Státrúnaí don Aire Trádála |
| **An Ríocht Aontaithe:** | |
| Stephen GREEN | An tÁire Stáit Trádála agus Infheistíochta (i gcomhpháirt leis an Oifig Gnóthaí Eachtracha agus Gnóthaí Comhlathais) |
| Shan MORGAN | Leas-Bhuanionadaí |

**An Coimisiún:**

| | |
|---|---|
| Joaquín ALMUNIA | Leas-Uachtarán |
| Neelie KROES | Leas-Uachtarán |
| Antonio TAJANI | Leas-Uachtarán |
| Michel BARNIER | Comhalta |
| Androulla VASSILIOU | Comhalta |
| Máire GEOGHEGAN-QUINN | Comhalta |
| Connie HEDEGAARD | Comhalta |
| Tonio BORG | Comhalta |

Rinneadh ionadaíocht ar Rialtas an Stáit Aontaigh mar a leanas:

**AN CHRÓIT**

| | |
|---|---|
| Irena ANDRASSY | Leas-Bhuanionadaí |

## ÁBHAIR A PLÉADH

### Nuachóiriú ar dhlíthe an chóipchirt

Thionól an Chomhairle díospóireacht phoiblí maidir le gnéithe áirithe de straitéis AE chun dlíthe an chóipchirt a nuachóiriú (*10667/11*). Go háirithe, díríodh sa díospóireacht ar thrí phríomhghné den straitéis: creat an chóipchirt ar fud an mhargaidh dhigitigh aonair, na beartais éagsúla náisiúnta maidir le tobhaigh ar chóipeáil phríobháideach, agus comhbhainistiú ar chóipcheart agus ar cheadúnú ilchríochach ceoil ar líne.

***- Creat an chóipchirt sa mhargadh digiteach aonair***

Rinne na hairí measúnú ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le creat nua-aimseartha cóipchirt a bhunú d'ábhar an mhargaidh dhigitigh aonair a chuir an Coimisiún chun tosaigh ina theachtaireacht i mí na Nollag 2012 (*17983/12*). Meastar go bhfuil gá le hathbhreithniú ar an timpeallacht chóipchirt san Eoraip le margadh digiteach aonair a fheidhmíonn go maith a bhaint amach. Áirítear air sin cruthú samhlacha digiteacha gnó, an chosaint iomchuí a chur ar fáil do chruthaitheoirí agus do tháirgeoirí agus cinnteacht dhlíthiúil á áirithiú d'úsáideoirí tráchtála agus do thomaltóirí ar líne.

***- Tobhaigh ar chóipeáil phríobháideach***

Tar éis cur i láthair a rinne António Vitorino, iarchoimisinéir Eorpach do dhlí agus cirt agus gnóthaí baile, faoi thuarascáil maidir le cóipeáil phríobháideach agus tobhaigh athghrafaíochta[1], thug na hairí níos mó sonraí faoi thrí ghné a bhain leis an méid a leanas: na forbairtí a rinneadh le déanaí i réimse na cóipeála agus na hathghrafaíochta príobháidí sna Ballstáit aonair; an sainmhíniú ar an eisceacht maidir le cóipeáil phríobháideach agus na bearta a d'fhéadfadh a bheith ann lena ndírítear ar bhloghadh an mhargaidh inmheánaigh sa réimse sin a laghdú (*9253/13*).

Moltar dhá phríomhréimse gníomhaíochta sa tuarascáil: ar an gcéad dul síos, níos mó iontaoibh a chothú maidir le ceadúnais agus socruithe conartha mar an bealach is fearr lena áirithiú go bhfaighidh sealbhóirí an chirt sin an luach iomchuí saothair as a n-iarrachtaí cruthaitheacha agus a n-infheistíochta. Ar an dara dul síos, bearta a mheas lena ndírítear ar chórais náisiúnta tobhaigh a réiteach laistigh den mhargadh aonair.

Léirigh an Coimisiún go n-áireofar na tuairimí a chuir na toscaireachtaí in iúl ar an machnamh leanúnach atá á dhéanamh chun feabhas a chur ar na córais maidir le tobhaigh ar chóipeáil phríobháideach san Eoraip agus iad a chur in oiriúint don ré dhigiteach.

[1] http://ec.europa.eu/internal_market/copyright/docs/levy_reform/130131_levies-vitorino-recommendations_en.pdf.

***- An dréacht-Treoir maidir le comhbhainistiú ar chóipcheart agus ar cheadúnú ilchríochach ceart i saothair cheolmhara d'úsáid ar líne.***

Thug an Chomhairle dá haire tuarascáil ar dhul chun cinn chomh maith le nuashonrú ó bhéal a thug an Uachtaránacht (*9281/13*).

Tá an dréacht-Treoir sin á scrúdú faoi láthair ag saineolaíthe náisiúnta laistigh den Chomhairle.

Tá dhá chuspóir chomhlántacha aici: ar an gcéad dul síos, dírítear léi ar chreat dlíthiúil iomchuí a chur ar bun chun comhbhainistiú a dhéanamh ar chearta na n-údar trí rialacha a chur ar fáil le go n-áiritheofar rialachas níos fearr agus níos mó trédhearcachta sna cumainn bailithe dleachtanna; ar an dara dul síos, dírítear léi ar cheadúnú ilchríochach agus ilstóir a éascú trí chumainn bailithe dleachtanna chearta na n-údar ina saothair cheolmhara d'úsáid ar líne laistigh den mhargadh inmheánach.

**Athchóiriú ar iniúchóireachtaí**

Tar éis d'Uachtaránacht na hÉireann tuarascáil ar dhul chun cinn a chur i láthair, roinn na hairí tuairimí maidir leis na saincheisteanna atá fós gan réiteach i ndáil leis an athchóiriú leanúnach lena ndírítear ar rialacha iniúchóireachta san AE a fheabhsú. Tugtar treoir pholaitiúil le torthaí na díospóireachta ar an gcaoi leis an athchóiriú a thabhairt ar aghaidh.

Tá an t-athchóiriú á dhéanamh ar bhun dhá thogra ón gCoimisiún lena gcuimsítear athbhreithniú ar an Treoir maidir le hIniúchóireachtaí (An tOchtú Treoir maidir le Dlí na gCuideachtaí) (*16971/11*) ar thaobh amháin agus Rialachán maidir le ceanglais shonracha a bhaineann le hiniúchóireacht reachtúil ar eintitis leasa phoiblí ar an taobh eile (*16972/11*).

Léiríodh leis an ngéarchéim airgeadais na laigí san iniúchóireacht reachtúil go háirithe maidir le heintitis leasa phoiblí, a bhfuil leas suntasach poiblí ag baint leo mar gheall ar a ngnó, a méid, an líon fostaí atá acu nó mar gheall ar a stádas corparáideach.

Beartaítear leis an athchóiriú feabhas a chur ar cháilíocht agus ar neamhspleáchas iniúchóireachtaí, trédhearcach a ardú agus muinín na n-infheisteoirí a athneartú. Féachtar leis freisin an chomhdhlúthacht mhargaidh atá ann faoi láthair agus an easpa rogha laistigh den mhargadh iniúchóireachta a laghdú.

Le linn na díospóireachta poiblí, d'iarr an Uachtaránacht ar na hairí a dtuairimí a chur in iúl maidir le comhréitigh ón Uachtaránacht maidir leis na trí shaincheist a leanas:

1. *Sealaíocht shainordaitheach iniúchóirí agus gnólachtaí iniúchóireachta eintitis leasa phoiblí*

Mhol an Coimisiún forálacha sa dréacht-Rialachán lena gceanglaítear sealaíocht shainordaitheach iniúchóirí agus gnólachtaí iniúchóireachta tar éis uastréimhse 6 bliana, a bhféadfaí a shinéadh go 8 mbliana i gcúinsí eisceachtúla áirithe. Mhol an Coimisiún freisin gur 9 mbliana ar a mhéid a mhairfeadh na tréimhsí fostaíochta i gcás ina mbeadh dhá iniúchóir reachtúil nó níos mó nó dhá ghnólacht iniúchóireachta nó níos mó (iniúchóireacht chomhpháirteach) ceaptha ag eintiteas leasa poiblí, agus go bhféadfaí an tréimhse sin a shíneadh, ar bhonn eisceachtúil, go 12 bhliain.

Siocair nach mór iniúchóireachtaí ar ardcháilíocht a áirithiú, lena n-áirítear neamhspleáchas agus oibiachtúlacht iniúchóirí na n-eintiteas leasa poiblí go háirithe, mar chomhréiteach, mhol an Uachtaránacht uastréimhse fostaíochta 7 mbliana (8 mbliana i gcás iniúchóireachtaí comhpháirteacha), inathnuaite, faoi réir critéir áirithe a chomhlíonadh, ar feadh uastréimhse 7 mbliana eile (8 mbliana i gcás iniúchóireachtaí comhpháirteacha). Ina theannta sin, foráiltear sa chomhréiteach ón Uachtaránacht go bhféadfaidh Eintiteas Leasa Poiblí a iarraidh ar údarás inniúil, ar bhonn eisceachtúil, síneadh eile a dheonú leis an iniúchóir reachtúil nó an gnólacht iniúchóireachta a cheapadh an athuair go ceann 2 bhliain eile ar a mhéid (3 bliana i gcás iniúchóireachta comhpháirtí).

D'fhéadfadh tromlach na n-airí tacú le prionsabal ginearálta na sealaíochta sainordaithí faoi réir coinníollacha áirithe.

*2. Teorannú ar sholáthar seirbhísí iniúchóireachta airgeadais gaolmhara agus cosc ar sheirbhísí nach seirbhísí iniúchóireachta iad*

Chun aghaidh a thabhairt ar a riachtanaí atá sé an neamhspleáchas a athneartú, mhol an Coimisiún srian a chur ar na seirbhísí is ceadmhach d'iniúchóirí reachtúla agus do ghnólachtaí iniúchóireachta eintiteas leasa poiblí dul ina mbun, agus chuir sé i dtreis gur chóir don iniúchóir díriú ar an iniúchóireacht. Chun na críche sin, mhol sé idirdhealú a dhéanamh idir catagóirí áirithe seirbhísí.

Mhol an Coimisiún go ndéanfaí na táillí do sholáthar seirbhísí iniúchóireachta airgeadais gaolmhara a theorannú go nach mó ná 10 % de na táillí a d'íoc an t-eintiteas a ndearnadh iniúchóireacht air as an iniúchóireacht reachtúil.

Chun comhréiteach a éascú, mhol an Uachtaránacht an tairseach sin a ardú go 70% ar a mhéid de na táillí a íoctar in aon tréimhse trí bliana. Chomh maith leis, ní áireofaí na seirbhísí a bhaineann leis an obair iniúchóireachta a fhorchuirtear le reachtaíocht Aontais in éadán na tairsí sin.

Faoin togra ón Uachtaránacht, beidh an teorannú sin infheidhme maidir leis na seirbhísí uile nach bhfuil ar liosta na seirbhísí coiscthe ("an dúliosta") atá molta.

Ba mar fhreagairt ar iarraidh ó na toscaireachtaí córas simplí a leagan amach i dtaca le seirbhísí ceadaithe/coisthe, agus sin amháin, a d'fhorbair an Uachtaránacht an coincheap maidir le liosta de sheirbhísí coiscthe ("an dúliosta") agus ábhar an liosta sin, agus cead ag na hiniúchóirí gach seirbhís eile nach bhfuil ar an liosta sin a sholáthar. Ceapadh an córas freisin chun go gcomhlíonfar na cuspóirí a bhaineann le neamhspleáchas iniúchóirí a athneartú agus coinbhleachtaí leasa a sheachaint, a raibh barúlacha éagsúla ann maidir leis an dóigh ina ndéanfaí sin agus maidir leis na seirbhísí sonracha ar cheart a chosc.

D'fhéadfadh líon mór Airí teacht ar chomhaontú maidir le dúliosta a bhunú. Ní raibh roinnt dóibh i bhfabhar na huasteorann 70%.

*3. Comhar na gcomhlachtaí náisiúnta formhaoirseachta iniúchóireachta*

Leis an togra ón gCoimisiún, foráiltear do chomhar ar fud an AE i ndáil le maoirseacht iniúchóireachta idir na húdaráis inniúla náisiúnta faoi choimirce an Údaráis Eorpaigh Urrús agus Margaí (ESMA). Ghlacfadh an coiste atá beartaithe cúraimí air féin a dhéanadh an Grúpa Eorpach Comhlachtaí Formhaoirseachta Iniúchóireachta (GECFI) roimhe seo, ar grúpa saineolaithe é a bhfuil an Coimisiún mar chathaoirleach air.

An togra comhréitigh ón Uachtaránacht ina ndéantar iarracht aghaidh a thabhairt ar an amhras a bhí ar roinnt toscaireachtaí maidir leis an togra ón gCoimisiún, trí fhoráil do Choiste Chomhlachtaí Eorpacha Formhaoirseachta Iniúchóireachta (CEAOB) faoi choimirce ESMA, ar a mbeidh comhaltaí GECFI agus ag a mbeidh cumhachtaí cinnteoireachta.

Mhol roinnt toscaireachtaí rogha eile ar ESMA, eadhon an comhar atá ann cheana faoi GECFI a threisiú trí chomhlacht a bhunú dá ngairfear Comhlachtaí Formhaoirseachta Bhord Eorpach na nIniúchóirí (EBAOB).

Bhí a lán toscaireachtaí i bhfabhar Comhlachtaí Formhaoirseachta Bhord Eorpach na nIniúchóirí a bhunú, cé gur chuir cuid acu in iúl go raibh siad i bhfabhar comhar laistigh de ESMA.

**An Gníomh um an Margadh Aonair**

Thug an Chomhairle dá haire an dul chun cinn atá déanta i leith na reachtaíochta atá ar feitheamh agus atá san áireamh i bpacáistí an *Ghnímh um an Margadh Aonair*, ina bhfuil bearta tosaíochta atá dírithe ar an margadh aonair a chríochnú trí mhuinín a mhéadú agus trí fhás agus cruthú post a spreagadh.

Thug Uachtaránacht na hÉireann forbhreathnú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le bearta phacáistí an Ghnímh um an Margadh Aonair I agus II araon (*9365/13*).

Tá na bearta seo, atá fós le glacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle faoin gcomhreachtaíocht, ag céimeanna éagsúla sa phróiseas reachtaíochta.

Áirítear ar phacáiste an *Mhargaidh Aonair 1* gníomhaíochtaí amhail nuachóiriú an tsoláthair phoiblí agus athbhreithniú ar an treoir um cháilíochtaí gairmiúla.

I mí Aibreáin 2011, chuir an Coimisiún i láthair a theachtaireacht "Gníomh um an Margadh Aonair - dhá luamhán déag lena gcuirfear borradh faoin bhfás agus lena neartófar muinín (*9283/11*), ina bhfuil na gníomhaíochtaí a sainaithníodh le haghaidh a thabhairt ar an gcuspóir maidir leis an margadh aonair a sheoladh arís.

Is é atá i bpacáiste an *Ghnímh um an Margadh Aonair II* an dara sraith de thograí tosaíochta a thíolaic an Coimisiún i mí dheireadh Fómhair 2012[1] d'fhonn tacú leis an gcéad sraith de bhearta faoin nGníomh um an Margadh Aonair I. Áirítear leis seo nuachóiriú rialacha an AE maidir le dóchmhainneacht, leathanbhanda ardluais a imscaipeadh agus an t-athbhreithniú ar an treoir um shábháilteacht táirgí.

Tá an Chomhairle ag tnúth le scrúdú pras a dhéanamh ar na rialacha sin, i ndlúthchomhar le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún, chun go mbeifear in ann iad a ghlacadh faoi dheireadh an timthrialla reatha pharlaimintigh ar a dhéanaí d'fhonn an margadh inmheánach a spreagadh as an nua.

Ghlac an Chomhairle conclúidí maidir leis an Margadh Aonair II i mí na Nollag seo caite (*16617/12*). Sna conclúidí sin, cuireann an Chomhairle béim ar an ngá atá le bonn láidir eacnamaíoch agus sóisialta le haghaidh an mhargaidh aonair.

Leis na hionstraimí fáis, iomaíochais, foráis shóisialta sin uile, cabhrófar constaicí a laghdú agus le héifeachtúlacht a fheabhsú sa mhargadh aonair do ghnólachtaí, do shaoránaigh, do thomhaltóirí agus d'oibrithe.

Tá dlúthfhaireachán á dhéanamh ag ceannairí stáit nó rialtais AE ar an bpróiseas i gcomhthéacs níos leithne an Chláir Oibre Eorpach maidir leis an bhFás.

[1] http://ec.europa.eu/internal_market/smact/docs/single-market-act2_en.pdf

**Rialáil chliste**

Ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le rialáil chliste, mar thoradh ar an teachtaireacht maidir le "Oiriúnacht Rialála AE" agus an teachtaireacht "Rialáil chliste: Ag freagairt do riachtanais FBManna".

Moltar sna conclúidí (9533/13) go gcuirfidh na gníomhaithe uile lena mbaineann na bearta atá sna teachtaireachtaí chun feidhme, chun go dtiocfaidh laghdú inbhraite ar ualach foriomlán an rialacháin i gcás gnólachtaí, go háirithe gnólachtaí beaga, chomh maith le simpliú d'úsáideoirí deiridh.

I measc nithe eile, iarrtar sna conclúidí go mbainfear ceachtanna praiticiúla as an suirbhé ar líne a rinne an Coimisiún maidir leis na deich ngníomh reachtacha AE is troime do na FBManna[1].

Ag an gcruinniú mullaigh deireanach a bhí ann san earrach, d'iarr na ceannairí stáit nó rialtais go ndéanfaí gníomh leis an ualach foriomlán rialála a laghdú ar leibhéal AE agus ar an leibhéal náisiúnta, agus an chosaint chuí á choimeád i gcás na dtomhaltóirí agus na bhfostaithe ag an am céanna. D'iarr siad ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún an obair ar an rialáil chliste a thabhairt chun cinn i bhfianaise na dteachtaireachtaí a fuarthas ón gCoimisiún le déanaí, agus béim faoi leith á leagan ar riachtanais na bhfiontar beag agus meánmhéide.

1 http://ec.europa.eu/enterprise/policies/sme/public-consultation-new/index_en.htm

**Nuachóiriú a dhéanamh ar na rialacha maidir le státchabhair**

Le linn seisiúin phoiblí, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir le nuashonrú ar an dá phríomhrialachán lena rialaítear rialacha AE maidir le státchabhair: an "rialachán maidir le nósanna imeachta" agus an "rialachán cumasúcháin".

Tá siad sin mar chuid den athchóiriú níos leithne ar cuireadh tús leis nuair a tíolacadh an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le nuachóiriú a dhéanamh ar státchabhair AE (*10266/12*). Tá an margadh aonair mar chuid lárnach den athchóiriú sa teachtaireacht sin agus iarrtar go mbainfí úsáid níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla as an airgeadas poiblí chun go ndéanfar taighde agus nuáil, forbairt inbhuanaithe, comhtháthú agus beartais eile lena ndírítear ar an bhfás a choimeád ar bhealach níos fearr. Foráiltear leis go ndéanfaí an t-athchóiriú a chríochnú faoi dheireadh 2013.

Leagtar na rialacha maidir le fiosrúcháin faoi státchabhair amach sa "rialachán maidir le nósanna imeachta[1]".

Féachtar leis an nuashonrú an rialachán maidir le nósanna imeachta a bhaineann leis na huirlisí a úsáidtear le gearáin a láimhseáil agus le faisnéis mhargaidh gníomhartha an Choimisiúin a dhíriú ar bhealach níos fearr ar chásanna a bhfuil tionchar suntasach acu ar iomaíocht agus ar thrádáil sa mhargadh inmheánach.

Leis an "rialachán cumasúcháin[2]", cuirtear ar chumas an Coimisiún "rialacháin bhlocdhíolúine do státchabhair" a ghlacadh. Faoi na rialacháin sin, féadfaidh an Coimisiún a dhearbhú go bhfuil catagóirí sonracha státchabhrach comhoiriúnach leis an gconradh AE má chomhlíontar coinníollacha áirithe leo, agus iad a dhíolmhú ar an gcaoi sin ón gceanglas maidir le fógra roimh ré agus maidir le formheas.

Cuirfear ar chumas an Choimisiúin leis na hathruithe a dhéanfar ar an rialachán cumasúcháin nós imeachta rialaithe simplithe a chur i bhfeidhm i gcás catagóirí áirithe cabhrach gan maoirseacht agus faireachán éifeachtúil a lagú. Cumhdófar leis an rialachán cumasúcháin cineálacha nua cabhrach amhail cabhair a thugtar do chultúr nó cabhair a thugtar leis an damáiste a dhéantar le tubaistí nádúrtha a dheisiú.

Ag an gcruinniú a bhí acu an 10 Nollaig 2012, d'aontaigh na hairí gur gá nuachóiriú a dhéanamh ar an mbeartas maidir le státchabhair trí chuspóirí a leagan síos lena dtacófar leis an bhfás, leis an bhfostaíocht agus le hiomaíochas AE, agus á rannchuidiú le hiarrachtaí na mBallstát airgeadas poiblí a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla ag an am céanna. Chuir siad i bhfáth gur cheart an státchabhair a bheith ceaptha chun iomaíochas na tionsclaíochta Eorpaí a choinneáil agus a fheabhsú, agus an ghéarchéim eacnamaíoch agus an comhthéacs domhanda á gcur san áireamh.

[1] Rialachán 659/1999
[2] Rialachán 994/1998

**Faireachán ar an mbeartas tionsclaíoch**

Rinne na hairí cás na tionsclaíochta Eorpaí a mheas ag seisiún poiblí a bhí acu. Thug an Coimisiún eolas dóibh freisin faoin obair leantach i ndáil leis na tionscnaimh a rinneadh chun tacú le hearnálacha tionsclaíocha áirithe a bhfuil deacrachtaí faoi leith os a gcomhair mar thoradh ar an ngéarchéim eacnamaíoch.

I mí na Nollag anuraidh, ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le nuashonrú ar an mbeartas tionsclaíoch agus ar a mhéid a chuirtear leis sin leis an bhfás agus le téarnamh eacnamaíoch (*17566/12*).

Leagadh béim ar cheithre cholún: infheistíocht i dteicneolaíochtaí nua agus nuálacha a spreagadh; ligean do chuideachtaí AE an leas is fearr is féidir a bhaint as an margadh inmheánach agus as margaí idirnáisiúnta; rochtain ar airgeadas a fheabhsú; agus infheistíocht i scileanna agus in acmhainní daonna a mhéadú.

I ndáil leis an méid sin, chuir an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé dlús a chur le gníomhartha in earnálacha straitéiseacha ina bhfuil acmhainneacht láidir le taca a chur faoi iomaíochas agus cruthú post.

Bunaíodh na conclúidí ar an teachtaireacht ón gCoimisiún (*15168/12*) lena nuashonraítear an tionscnamh suaitheanta maidir le beartas tionsclaíoch agus ar an bplé a rinneadh ar leibhéal na n-airí ina dhiaidh sin. Dírítear le beartas tionsclaíoch suaitheanta Eoraip 2020 ar iomaíochas tionsclaíoch na hEorpa a neartú agus ar an aistriú ó gheilleagar ísealcharbhóin a bheidh éifeachtúil ó thaobh acmhainní a éascú.

Thairis sin, thug an Chomhairle an fhaisnéis maidir leis na saincheisteanna a leanas dá haire:

- *Nuachóiriú na n-ionstraimí cosanta trádála*

Ar iarraidh ó thoscaireacht na Fraince, rinne an Coimisiún cur i láthair faoin bpacáiste maidir le Nuachóiriú na Cosanta Trádála a cuireadh faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa an 10 Aibreán.

Baineann an pacáiste le leasuithe ar Rialachán 1225/2009 ("an Rialachán bunúsach maidir le frithdhumpáil) agus Rialachán 597/2009 ("an Rialachán bunúsach maidir le frith-fhóirdheontas"). Níor rinneadh athbhreithniú suntasach ar na rialacháin sin ón uair a tugadh Babhta Uragua chun críche sa bhliain 1995.

Seoladh an tionscnamh chun ionstraimí cosanta trádála AE a nuachóiriú mar thoradh ar chomhairliúchán poiblí agus rinneadh measúnú tionchair le linn 2012. Tá na dréacht-treoirlínte ar cheithre ábhar de na fiosrúcháin maidir le cosaint thrádála (i.e leas an Aontais, an corrlach díobhála, tír analógach agus athbhreithnithe maidir le dul in éag) á bplé mar chuid de chomhairliúchán poiblí nua go dtí an 31 Iúil 2013.

*- Clár um Iomaíochas Fiontar agus um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide ("COSME")*

Chuir an Uachtaránacht faisnéis ar fáil maidir leis an staid mar atá i ndáil leis an gcaibidlíocht reatha le Parlaimint na hEorpa chun an clár COSME a bhunú.

Leis an gclár sin, a bheidh i bhfeidhm ó 2014 go 2020, tabharfar aghaidh ar chlistí margaidh nach mór do FBManna dul i ngleic leo, go háirithe maidir le rochtain ar mhaoiniú trí trí fheidhm a bhaint as na hionstraimí airgeadais tiomnaithe. Sa togra bunaidh moladh go mbeadh buiséad 2 bhilliún Euro ann don tréimhse uile. Braithfidh an buiséad deireanach, áfach, ar thoradh na caibidlíochta maidir le peirspictíochtaí airgeadais ilbhliantúla an AE.

Thosaigh an t-idirphlé le Parlaimint na hEorpa Mí Eanáir seo caite d'fhonn teacht ar chomhréiteach ar an gcéad léamh.

*- Rochtain ar mhaoiniú agus idirnáisiúnú FBManna: toradh na Comhairle neamhfhoirmiúla i mBaile Átha Cliath*

Thug an Uachtaránacht ar aird don Chomhairle toradh na Comhairle neamhfhoirmiúla um Iomaíochas a tionóladh i mBaile Átha Cliath (Éire) an 2 agus 3 Bealtaine.

Áirítear i measc na saincheisteanna a pléadh: rochtain ar mhaoiniú agus úsáid chaipiteal fiontair i gcuideachtaí trádála domhanda; idirnáisiúnú FBManna agus deiseanna do fhiontair AE i margaí domhanda, agus cathracha agus réigiúin mar ghné thábhachtach den fhiontraíocht agus den nuálaíocht.

*- Tionscal na ngluaisteán: athbhreithniú ar rialacha maidir le hastuithe CO2 ó ghluaisteáin*

Tharraing toscaireacht na Spáinne, agus toscaireachtaí Phoblacht na Seice agus na Slóváice ag tacú di, aird na Comhairle ar iomaíochas thionscal na ngluaisteán i ndáil leis an athbhreithniú reatha ar dhá rialachán maidir le hastuithe ó fheithiclí paisinéara agus tráchtála éadroma, lena leagtar síos cuspóirí éigeantacha laghdaithe astaíochtaí d'fheithiclí nua sna catagóirí sin *(9812/13)*.

*- Tionscal longthógála: tionscamh nua "LeaderSHIP 2020"*

Chuir an Coimisiún faisnéis ar fáil maidir le staid thionscal na longthógala san Eoraip agus rinne sí tuairisc maidir leis an tionscnamh "LeaderSHIP 2020 *(9586/13)*.

Ag tógáil ar an gclár LeaderSHIP 2015 agus ag cur san áireamh na príomhdhúshláin agus na príomhdheiseanna atá mar thoradh ar an ngéarchéim eacnamaíoch, féachann an tionsnamh nua seo le straitéis nua chun tionscal iomaíoch longthógála AE a fhorbairt tuilleadh lena gcuirtear le hiompar muiriompartha inbhuanaithe, slán sábhailte a chomhdhlúthú le húsáid acmhainní muirí agus giniúint fuinnimh.

- *Tionscal an tobac*

Tharraing toscaireachtaí Phoblacht na Seice agus na Polainne ag tacú di, aird na Comhairle ar na gnéithe den iomaíochas agus na iarmhairtí féideartha d'oibreoirí eacnamaíocha *(9576/13)* a bhaineann le dreacht-threoir maidir le monarú, láithriú agus díol tobac agus táirgí eile lena mbaineann *(18068/12)*.

Labhair roinnt toscaireachtaí agus mheabhraigh siad gur caith an cothromas ceart a bhaint amach idir gnéithe éagsúla an togra.

Pléifidh airí sláinte an t-ábhar sin an 21 Meitheamh.

**FÍS 2020: creatchlár nua don taighde agus don nuáil (2014-2020)**

Thug na hAirí ar aird freisin an staid mar atá i ndáil leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa maidir leis na codanna éagsúla den chlár FÍS 2020, i ndiaidh cur i láthair tuarascála ón Uachtaránacht *(9534/13)*. Phléigh siad cuid de na príomhshaincheisteanna polaitiúla freisin, d'fhonn an bealach chun cinn a leagan amach le haghaidh comhaontaithe le Parlaimint na hEorpa.

Rangaigh an Uachtaránacht na saincheisteanna sin ina 3 chatagóirí:

– saincheisteanna a bhaineann le dearadh FÍS 2020, lena n-áirítear topaicí amhail feabhas eolaíochta agus taighde a leathnú agus rannpháirtíocht ó na réigiún a bhfuil feidhmíocht íseal acu a mhéadú;

– treochtaí agus bealaí nua gníomhaíochta féideartha chun rannpháirtíocht gnólachtaí beaga sa chlár a fheabhsú, agus

– simpliú agus éifeachtacht, go háirithe sa tsamhail nua maoinithe do thionscnaimh taighde.

Ag deireadh an tseisiúin, rinne an Uachtaránacht achoimre ar thoradh na díospóireachta agus tugadh an méid seo a leanas le fios:

– D'aontaigh na hAirí le tuairim na hUachtaránachta gur cheart an chaibidlíocht leis an bParlaimint maidir leis an bpacáiste foriomlán a thabhairt chun críche faoi dheireadh mhí an Mheithimh.

– Tá comhthoil láidir ann go bhfuil an simpliú bunriachtanach chun a áirithiú go mbaineann FÍS 2020 a chumas amach chun a bheith ina fhíorghné thábhachtach den fhás san Eoraip agus gurb é an tsamhail mhaoinithe a chomhaontaigh an Chomhairle Deireadh Fomhair seo caite an príomhmhodh chun simpliú a áirithiú agus ba cheart gurbh é sin bunchloch an phacáiste a bheidh le haontú leis an bParlaimint.

– Chun an méid sin a bhaint amach, tá na hAirí toilteanach a bheith solúbtha maidir le roinnt saincheisteanna amhail rannpháirtíocht, eolaíocht don tsochaí, tástálacha maidir le cur chuige modh mear i leith nuálaíochta agus spriocanna buiséadacha nó táscairí fuinnimh, ionstraim FBM agus gnéithe eile b'fhéidir.

– Tabharfaidh an Uachtaránacht na treoirlínte sin ar aird san obair amach anseo agus tráth a mbeidh téacsanna FÍS 2020 á dtabhairt chun críche aici.

Tiocfaidh Fís 2020 in ionad an 7ú creatchlár um thaighde (FP7), a bheidh i bhfeidhm go dtí deireadh na bliana 2013. Leis an gcreat nua don taighde, ceaptar go mbeifear in ann fáil réidh leis an róroinnt agus cur le comhtháiteacht réimse an taighde. Cuireann Fís 2020 leis an gcoincheap reatha FP7, leis an gClár um an Iomaíochas agus an Nuáil (CIP) agus leis an Institiúid Eorpach um an Nuáil agus an Teicneolaíocht (EIT).

I gcomparáid le FP7, tá roinnt gnéithe nua ag Fís 2020 a dhéanann gur oiriúnach an uirlis é chun an fhás a chur chun cinn agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na sochaí.

Chuir an Coimisiún i láthair na codanna éagsúla de Fís 2020 ar an 30 Samhain 2011.

http://ec.europa.eu/research/horizon2020/index_en.cfm

**Comhar idirnáisiúnta an AE i réimse an taighde agus na nuálaíochta**

Ghlac an Chomhairle conclúidí lena bhformhuiníonn sí straitéis nua AE le feabhas a chur ar chomhar idirnáisiúnta i réimse an taighde agus na nuálaíochta *(9701/13)*.

Dírítear leis an straitéis nua, a thíolaic an Coimisiún le linn chruinniú na Comhairle an 11 Nollaig 2012, ar na nithe a leanas: An tAontas a dhéanamh níos fearr agus níos tarraingtí i gcúrsaí taighde agus nuálaíochta, chomh maith le feabhas a chur ar iomaíochas eacnamaíoch agus tionsclaíoch an Aontais; 2) Dul i ngleic le dúshláin shochaíocha; agus 3) Tacú le beartais sheachtracha an Aontais *(14000/12)*.

Iarrtar sna conclúidí go ndéanfar a chur chun feidhme, trí, inter alia, treochláir straitéiseacha um chomhar le trí tíortha agus réigiúin a fhorbairt agus tríd na treochláir sin a chuimsiú i gcur chun feidhme an chreatchlár taighde Fís 2020.

Bhí ról tábhachtach ag creatchláir an AE le haghaidh taighde cheana féin i ndáil le tacú le comhar i réimse an taighde agus na nuála idir an AE agus a bhallstáit agus tíortha lasmuigh den Aontas. Mar sin féin, mar a léiríodh leis an athbhreithniú meántéarmach a rinneadh ar an 7ú creatchlár um thaighde , ní foláir go dtreiseofaí iarrachtaí na hEorpa i réimse an chomhair idirnáisiúnta agus go mbeidís níos straitéisí.

Ar an gcúis sin, leag a lán toscaireachtaí béim ar an ngá atá ann cur chuige níos straitéisí a ghlacadh ionas go bhforbrófar comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta amach anseo faoin gcéad chreatchlár eile de "Fís 2020".

**Comhphleanáil tionscadal taighde**

Thionóil an Chomhairle díospóireacht beartais ar ghníomhaíochtaí comhphleanála a cuireadh i gcrích i réimse na taighde.

Próiseas is ea an Chomhphleanáil a ceapadh chun a chinntiú go mbainfear an leas is fearr as an obair taighde. Tá sé mar aidhm aici comhar trasteorann a dhaingniú mar aon le comhordú agus ailíniú na gclár taighde náisiúnta a mhaoinítear go poiblí. Is cuid de thírdhreach nua an Limistéir Eorpaigh Thaighde (ERA) é.

Bhí an díospóireacht bunaithe ar nóta plé agus ar cheistneoir a chuir an Uachtaránacht chun cinn *(9258/13)*.

Léirigh go leor toscaireachtaí an gá atá le gluaiseacht ar aghaidh ó staid na pleanála go staid an chur chun feidhme.

D'aontaigh na hAirí go bhfuil gá le meon nua ar leibhéal náisiúnta chun an chomhphleanáil a chur chun feidhme mar is cuí, lena n-áirítear, mar shampla, ailíniú níos fearr ar chláir náisiúnta, cistí a dheonú nó glacadh le caighdeáin agus nósanna imeachta arna gcomhaontú go comhpháirteach.

Ba cheart go n-áiritheofaí leis an gcomhphleanáil go mbainfear amach an tionchar is mó ar an tsochaí.

Ón mbliain 2009, seoladh 10 gcomhthionscadal pleanáilte d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shochaíocha shonracha atá ag an Eoraip amhail galair néarmheathlúcháin, athrú aeráide, forbairt uirbeach, srl.

D'eagraigh an Uachtaránacht comhdháil maidir leis an gComhphleanáil i mBaile Átha Cliath an 28 Feabhra agus an 1 Márta, ina raibh lucht déanta beartas, bainisteoirí cláir agus ionadaithe institiúideacha rannpháirteach chun plé a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach go dtí seo agus ar a bhfuil le déanamh amach anseo. Tíolacadh cóip de thuarascáil dheireanach na comhdhála chuig an gComhairle[1].

Ghlac an Chomhairle conclúidí mí na Nollag seo caite maidir le ERA agus na príomhghnéithe lena bhaint amach go cuí, lena gcruthófar margadh aonair don fheasacht agus lena bhfeabhsófar soghluaisteacht taighdeoirí agus mealltacht na hEorpa do thaighdeoirí eachtrannacha.

D'iarr an Chomhairle Eorpach an ERA a chur chun críche faoi 2014.

---

1 http://jpic2013.conference-websites.co.uk/files/2013/05/DublinReport_final.pdf

**Ríomhaireacht ardfheidhmíochta**

Ghlac an Chomhairle conclúidí maidir leis an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal "An Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta:0 Áit na hEorpa i Rás Domhanda"*(9808/13)*..

Ina Conclúidí an 17 Bealtaine 2010 *(9451/10)* maidir le saincheisteanna éagsúla a bhaineann le forbairt ERA, d'iarr an Chomhairle go ndéanfaí forbairt bhreise ar bhonneagair ríomhaireachta á chur chun cinn, amhail PRACE[1]

In 2009, d'iarr an Chomhairle ar na Ballstáit infheistíochtaí a dhéanamh in RA ar bhonn níos comhordaithe agus d'iarr sí ar an gCoimisiún dreasachtaí airgeadais a mholadh d'fhonn bonneagair taighde sa ríomhaireacht a chomhfhorbairt agus a chomhroinnt, a gcuid infheistíochtaí a chomhthiomsú sa RA faoi PRACE, agus chun staid thionsclaíoch agus shaol acadúil na hEorpa a threisiú maidir le hardtáirgí ríomhaireachta, seirbhísí agus teicneolaíochtaí a úsáid, a fhorbairt agus a mhonarú.

**An Coiste um an Limistéar Taighde Eorpach: sainordú nuashonraithe**

Nuashonraigh an Chomhairle sainordú an Choiste um an Limistéar Taighde Eorpach trí bhíthin rúin.

Is coiste comhairleach do bheartas é CLTE arb é a phríomh-mhisean ionchur straitéiseach a chur ar fáil don Chomhairle agus don Choimsiún agus do na Ballstáit maidir le haon saincheist taighde nó nuálaíochta ábhartha chun an Limistéar Taighde Eorpach a fhorbairt[2].

Tabharfaidh an Chomhairle na cúraimí don choiste chun na moltaí a áirítear i dtuarascáil an choiste an 18 Aibreán 2013 a chur chun feidhme *(ERAC 1201/13)*.

Athrófar ainm an Choiste freisin go Coiste an Limistéir Eorpaigh Taighde agus Nuálaíochta chun tábhacht na nuálaíochta taighde-bhunaithe a léiriú.

---

1 Is tionscadal ESFRI é PRACE (Comhpháirtíocht le haghaidh na Ríomhaireachta Sárfhorbartha san Eoraip) lena gcruthaítear bonneagar taighde pan-Eorpach don ríomhaireacht ardfheidhmíochta: http://www.prace-ri.eu/

2 http://www.consilium.europa.eu/policies/era/erac?lang=en

**<u>Beartas spáis AE</u>**

Ghlac an Chomhairle conclúidí maidir leis an mbeartas don tionscal spáis *(9599/13)*.

D'fháiltigh na conclúidí roimh an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal "Beartas AE don Tionscal Spáis: leas a bhaint as an bhfás eacnamaíoch in earnáil an spáis" *(6950/13)*, a eisíodh an 28 Feabhra, mar bhunús áisiúil don idirphlé a bheidh ann go luath.

Tugann siadh tionscal spáis na hEorpa sa mhargadh tráchtála domhanda agus an méid atá bainte amach ag Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (GSE[1]) agus na Ballstáit chun earnáil spáis atá láidir a fhorbairt san Eoraip. Léirítear leo, áfach, go bhfuil dúshláin ann nach mór aghaidh a thabhairt orthu maidir le tionscal spáis na hEorpa den chéad scoth atá iomaíoch ar fud an domhain a fhorbairt.

Léirítear sa teachtaireacht ón gCoimisiún cúig chuspóir a cheapann an Coimisiún gur cheart iad a bheith mar chroílár don bheartas AE don tionscal spáis:

– creat reachtúil comhtháite agus seasmhach a bhunú;

– bonn tionsclaíoch a fhorbairt tuilleadh san Eoraip a bheidh iomaíoch, téagartha, éifeachtach agus cothrom agus tacú le rannpháirtíocht FBM;

– tacú le hiomaíocht dhomhanda thionscal spáis an AE trí spreagadh a thabhairt don earnáil a bheith níos éifeachtaí ó thaobh costais ar fud an tslabhra breisluacha;

– margaí a fhorbairt do fheidhmchláir agus do sheirbhísí spáis, agus

– neamhspleáchas teicneolaíoch agus rochtain neamhspleách ar spás a áirithiú.

I dteannta na conclúidí a ghlacadh, thug an Chomhairle dá haire faisnéis maidir le trí chomhpháirt de bheartas spáis an AE sna blianta atá amach romhainn:

*<u>- clár "Copernicus"(réamhtheachtaí ar an gClár Eorpach um Breathnadóireacht na Cruinne"GMES")</u>*

Chuir an togra i láthair maidir le maoiniú agus feidhmiú an Chláir Eorpaigh um Breathnadóireacht na Cruinne "Copernicus" don tréimhse 2014-2020 *(10275/13)*.

[1] http://www.esa.int

Copernicus an t-ainm nua ar GMES (Faireachán Domhanda don Chomhshaol agus don tSlándáil).

Tá Copernicus dírithe ar rochtain a sholáthar don Eoraip ar fhaisnéis agus ar shonraí breathnadóireachta atá iontaofa, neamhspleách agus leanúnach. Tá sé sheirbhís ann: Faireachán Muirí, faireachán Atmaisféir, faireachán Talún agus faireachán Athraithe Aeráide, i dteannta tacaíochta don Éigeandáil agus don tSlándáil.

*- Clár um Fhaireachán agus um Rianú Spáis*

Thug an Chomhairle dá haire tuarascáil maidir leis an dul chun cinn atá déanta maidir le dréacht-chinneadh lena ndírítear ar Clár Tacaíochta d'Fhaireachán agus Rianú Spáis a bhunú *(9986/13)*.

Mí Feabhra seo caite, thíolaic an Coimisiún an togra chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa lena leagtar amach an creat eagraíochtúil chun seirbhís Eorpach um fhaireachán agus um rianú spáis a bhunú agus a fheidhmiú *(6952/13* + *ADD1)*.

Tá meadú ar an mbagairt go mbuailfí bonneagair spáis dá chéile de bharr méadú ar líon na satailítí agus an smionagar spáis.

D'fhonn riosca an imbhuailte a mhaolú, ní mór satailítí agus smionagar spáis a shainaithint agus faireachán a dhéanamh orthu, cuntas a choinneáil ar an áit a bhfuil siad, agus a ngluaiseachtaí a rianú nuair a shainaithnítear go bhféadfaidís bualadh faoina chéile sa chaoi gur féidir oibreoirí satailíte a chur ar an airdeall chun a gcuid satailítí a bhogadh. Faireachán agus rianú spáis (FRS) a thugtar ar an ngníomhaíocht sin.

Os rud é nach ann do sheirbhísí FRS ar leibhéal na hEorpa, tá oibreoirí satailíte na hEorpa ag brath cuid mhór faoi láthair ar fhaisnéis FRS ó na SA. Tá cumas cuí FRS ag teastáil uathu chun soláthar fhaisnéis FRS ar an leibhéal Eorpach a fheabhsú agus chuir an Chomhairle an méid sin i bhfios go láidir.

*- Caidreamh idir an AE agus an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis (ESA)*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón gCoimisiún maidir le seasamh na dtuairimí maidir le caidreamh AE-ESA a fhorbairt *(9755/13)*, mar obair leantach ar na conclúidí ón gComhairle maidir le"Caidreamh oiriúnach idir an AE agus an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis a bhunú" a glacadh mí Feabhra seo caite *(6571/13)*.

## GNÓ EILE

### Teicneolaíochtaí fuinnimh agus nuálaíocht

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón gCoimisiún maidir leis na príomhshaincheisteanna ar tugadh aghaidh orthu sa teachtaireacht maidir le Teicneolaíochtaí Fuinnimh agus Nuálaíocht a bhí ar chlár oibre na comhdhála um Plean Straitéiseach Theicneolaíocht Fuinnimh (plean SET) a tionóladh an 6 agus 7 Bealtaine i mBaile Átha Cliath, eodhan teicneolaíochtaí fuinnimh a fhorbairt agus a chur ar an margadh san Eoraip.

An 2 Bealtaine 2013, d'fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht lena leagtar amach straitéis chun a chumasú don AE earnaíl teicneolaíocht fuinnimh agus nuálaíochta den chéad scoth a bheith aige agus chun dul i ngleic leis na dúshláin go dtí 2020 agus ina dhiaidh sin.

Beidh plé ag na hAirí maidir leis an teachtaireacht ón gCoimisiún ag an gComhairle Fuinnimh an 7 Meitheamh.

### Bainistiú Beartais Nuálaíochta - moltaí ón nGrúpa Ardleibhéil

Chuir toscaireacht na Polainne na hAirí ar an eolas maidir le hobair an Ghrúpa Ardleibhéil maidir le Bainistiú Beartais Nuálaíochta *(9587/13)*.

Tá tacar moltaí curtha i dtoll a chéile ag an nGrúpa Ardleibhéil, a bunaíodh mí na Nollaig 2011, maidir le bealaí chun beartas nuálaíochta níos cuimsithí a fhorbairt agus a bhainistiú san AE.

**Clár oibre Uachtaránacht nua na Liotuáine**

Chuir toscaireacht na Liotuáine na hAirí ar an eolas faoi chlár oibre Uachtaránacht na Liotuáine i leith an iomaíochais don dara leath de 2013.

Tá an clár oibre maidir le hiomaíochas ag teacht leis an gclár 18 mí a chomh-ullmhaigh na trí huachtaránacht nua (*17426/12*).

I réimse an mhargaidh inmheánaigh agus na tionsclaíochta, áirítear ar phríomhthosaíochtaí Uachtaránacht na Liotuáine go dtabharfaí na tionscnaimh reachtacha atá i bpacáistí an Ghnímh um an Mhargadh Aonair I agus II chun críche.

I réimse an taighde, tabharfaidh Uachtaránacht na Liotuáine comhaid éagsúla chun cinn lena mbainfear amach an Limistéar Eorpach Taighde, lena n-áirítear an clár "Fís 2020" do thaighde agus nuálaíocht.

Tabharfaidh sé obair chun cinn freisin i réimse an bheartais spáis.

## ÁBHAIR EILE A FORMHEASADH

### *GNÓTHAÍ EACHTRACHA*

**An Bhealarúis - bearta sriantacha**

Rinne an Chomhairle athbhreithniú ar bhearta sriantacha an AE i gcoinne na Bealarúise, agus í den bharúil nach raibh údar ann níos mó duine amháin agus dhá eintiteas ar an liosta sin a choinneáil faoi réir beart sriantach. Ní léirítear leis sin aon athrú ar bheartas an AE i leith na Bealarúise mar a leagadh amach le déanaí sna Conclúidí ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2012.

**Cathaoirleacht choimisiún NA um chothú na síochána**

Chinn an Chomhairle gur cheart don AE é féin a chur ar fáil do chathaoirleacht fhoirmíocht Phoblacht na hAfraice Láir i gcoimisiún NA um chothú na síochána.

### *CEARTAS AGUS GNÓTHAÍ BAILE*

**Ascnamh ó SIS 1 + go SIS II**

Thug an Chomhairle an méid seo a leanas dá haire:

– na socruithe idir na Ballstáit agus an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua chun VISION (*an Líonra Comhairliúcháin Schengen*) a choinneáil agus a mhaoiniú le linn idirthréimhse;

– an Comhaontú ar Leibhéal Seirbhíse maidir leis na modúlachtaí sealadacha comhair, lena n-áirítear meastacháin bhuiséideacha, idir na Ballstáit agus an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua lena n-úsáidtear VISION ar lámh amháin agus EU-LISA (*an Ghníomhaireacht Eorpach um bhainistiú oibríochtúil chórais mhór-scála theicneolaíocht faisnéise i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais*)ar an lámh eile, agus an sainordú a tugadh don Uachtaránacht lena shíniú thar ceann na Stát lena mbaineann.

***<u>AN tIOMAÍOCHAS</u>***

**Measúnú tionchair laistigh den Chomhairle**

Thug an Chomhairle dá haire tuarascáil maidir le measúnú tionchair laistigh den Chomhairle

Tógann an tuarascáil ar chonclúidí 2011 ón gComhairle ar an ábhar *(16976/11 agus 17939/11)* lenar cuireadh san áireamh an tiomantas chun measúnuithe tionchair a ullmhú, nuair is iomchuí, maidir le leasuithe substainteacha le linn an phróisis reachtaigh, mar bhealach chun caighdeán na reachtaíochta a fheabhsú i bhfianaise chlar oibre an rialacháin chliste.

***<u>AN FUINNEAMH</u>***

**Ceanglais éiceadhearadh - spás agus téitheoirí uisce**

Rinne an Chomhairle cinneadh gan cur i gcoinne ghlacadh an dá Rialachán a leanas ón gCoimisiún:

– treoir cur chun feidhme 2009/125/CE maidir le ceanglais éiceadhearadh do théitheoirí spáis agus do théitheoirí teaglamacha (*7986/13*); agus

– treoir cur chun feidhme 2009/125/CE maidir le ceanglais éiceadhearadh do théitheoirí uisce agus do théitheoirí stórála uisce te (*8374/13*). Faoi threoir 2009/125/CE ba cheart go leagfadh an Coimisiún síos na ceanglais éiceadhearadh do tháirgí a bhaineann le fuinneamh agus a bhfuil an-díol agus an-trádáil orthu, a bhfuil an-tionchar acu ar an gcomhshaol agus a bhfuil an-deis ann feabhas a chur orthu ó thaobh an tionchair atá acu ar an gcomhshaol gan costas ró-mhór a thabhú.

Tá gníomhartha an Choimisiúin faoi réir an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú. Ós rud é go bhfuil a toiliú tugtha ag an gComhairle, féadfaidh an Coimisiún an cinneadh sin a ghlacadh mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agóid ina choinne.

## *AN COMHSHAOL*

### Prótacal Montréal maidir le substaintí lena n-ídítear an ciseal ózóin - treoracha idirbheartaíochta

Thug an Chomhairle an t-údarás don Choimisiún caibidlíocht a dhéanamh ar son an Aontais Eorpaigh, maidir le leasuithe agus athbhreithnithe ar Phrótacal Montréal maidir le substaintí lena n-ídítear an ciseal ózóin (*OJ L 297, 31.10.1988, p. 21*.).

Déanfar an chaibidlíocht ag an fiche cúigiú cruinniú de chomhpháirtithe an Phrótacail agus ag an fiche séú cruinniú de chomhpháirtithe an Phrótacail/an deichiú Comhdháil na gComhpháirtithe don Choinbhinsiún.

## *FOSTAÍOCHT*

### Treoracha AE do chruinniú de chuid Airí Saothair agus Fostaíochta G20

Thacaigh an Chomhairle le treoirlínte AE maidir le tosaíochtaí don AE agus dá Bhallstáit ag cruinniú d'Airí Saothair agus Fostaíochta G20 a thionólfar i Moscó an 18-19 Iúil 2013.

## *IASCACH*

### An comhaontú comhpháirtíochta idir an AE agus an Cósta Eabhair - Athnuachan an phrótacail

Ghlac an Chomhairle cinneadh maidir leis an bprótacal a shíniú thar ceann an AE agus a chur i bhfeidhm go sealadach, lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa chomhaontú comhpháirtíochta idir an AE agus an Cósta Eabhair maidir le hiascach (*8698/13*).

Cuireadh an comhaontú comhpháirtíochta san earnáil iascaigh idir an AE agus an Cósta Eabhair i gcrích in 2008. Is é príomhchuspóir an phrótacail a ghabhann leis an gcomhaontú comhpháirtíochta iascaigh sin na deiseanna iascaigh a thairgtear d'árthaí an AE a shainmhíniú chomh maith leis an ranníocaíocht airgeadais atá dlite do chearta rochtana agus mar thacaíocht earnála, faoi seach. I ndiaidh na caibidlíochta, cuireadh inisealacha le prótacal nua an 9 Eanáir 2013, agus é beartaithe gurb é an dáta éagtha a bheidh ar an bprótacal roimhe sin an 30 Meitheamh 2013. D'fhonn arthaí an AE a cheadú chun gníomhaíochtaí iascaigh a dhéanamh, síníodh an prótacal nua agus cuireadh i bhfeidhm é ar bhonn sealadach, go dtí go gcríochnófar na nósanna imeachta chun an prótacal a thabhairt i gcrích go foirmiúil.

I dteannta an chinnidh mair leis an bprótacal nua seo a chur i bhfeidhm go sealadach, ghlac an Chomhairle gníomh maidir le leithdháileadh deiseanna iascaigh idir Ballstáit faoin bprótacal seo agus maidir le ranníocaíocht airgeadais an AE (*8700/13*).

## *BEARTAS TRÁDÁLA*

### Bearta frithdhumpála - rothair - leictreoidí tungstain - an tSín agus tíortha eile

Rinne an Chomhairle leasú ar rialachán 990/2011 lena bhforchuirtear dualgas frithdhumpála críochnaitheach ar allmhairí rothar de thionscnamh na Síne, tar éis athbhreithnithe eatramhaigh de bhun rialachán 1225/2009 *(9348/13)*. Rinne sí an dleacht frithdhumpála a fhorchuirtear le rialachán 990/2011 ar rothair ón tSín a shíneadh do rothair ón Indinéis, ón Malaeisia, ó Shrí Lanca agus ón Túinéis *(9345/13)*.

Ghlac an Chomhairle rialachán lena bhforchuirtear dualgas frithdhumpála críochnaitheach ar allmhairí leictreoidí tungstain de thionscnamh na Síne, tar éis athbhreithniú ar dhul in éag a dhéanamh de bhun rialachán 1225/2009 *(9310/13)*.

## *TRÉDHEARCACHT*

### Tuarascáil bhliantúil maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid

D'fhormheas an Chomhairle a tuarascáil bhliantúil don bhliain 2012 ar chur chun feidhme rialachán 1049/2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid *(9317/13 + COR 1)*.

Tá forbhreithniú sa tuarascáil ar bheartas agus ar chleachtas trédhearcachta na Comhairle agus tá faisnéis ann maidir le clár poiblí doiciméad na Comhairle chomh maith le staidreamh maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid.

Léirítear leis an tuarascáil an méid a leanas *inter alia*:

- Ón 31 Nollaig 2012, go raibh 1,915,737 doiciméad (gach teanga) liostaithe ar chlár doiciméad poiblí na Comhairle, arb doiciméid phoiblí 77,3% díobh, i.e. go bhfuil siad ar fáil i bhfoirm in-íoslódáilte nó trí iarratas a chur isteach.

- Eisíodh beagnach 40% de na doiciméid uile ón gComhairle in 2012 a bhaineann le dréacht-ghníomhartha reachtacha mar dhoiciméid phoiblí rud a fhágann go raibh siad ar fáil láithreach ar an gclár.

- In 2012, thug 750,316 cuairteoirí éagsúla cuairt ar an gclár, is méadú beagnach 35% é sin ar an líon úsáideoirí aonair a thug cuairt ar an gclár poiblí in 2012.

- Fuair an Chomhairle 1,871 iarraidh thosaigh ar rochtain ón bpobal maidir le líon iomlán de 6,166 doiciméad agus bhronn sí rochtain (iomlán nó i bpáirt) ar 78,8% de na doiciméad a iarradh.

Ina theannta sin, cuirtear béim sa tuarascáil ar phríomhfhorbairtí san aonú bliain déag de chur chun feidhme an rialacháin agus déantar athbhreithniú ar ghearáin a chuirtear faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh, chomh maith le rialaithe a thug cúirteanna an Aontais Eorpaigh in 2012 i réimse rialachán 1049/2001.

## ***CEAPACHÁIN***

### Coiste na Réigiún

Cheap an Chomhairle Paolo di LAURA FRATTURA, Nicola ZINGARETTI agus Guerino TESTA (An Iodáil) mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a mbeidh fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2015 *(9616/13 agus 9703/13*